SCÉIM NA BHFOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE - DEONTAS TOSAITHE AON UAIRE €6,000 – FOIRM IARRATAIS

Ba chóir an leathán eolais a bhaineann leis an gciste a léamh go cúramach sula líontar an fhoirm iarratais

I gcás gur gá, is féidir sonraí breise thar an méid atá iarrtha thíos a chur mar iatán leis an bhfoirm seo.

SONRAÍ GINEARÁLTA

Ainm an iarratasóra:	Uimhir P.S.P. (PPS):	Uimh ghutháin:
Ainm céile/páirtí:	Uimhir P.S.P. (PPS):	Uimh ghutháin:
R-Phost:		
Seoladh:		
Eirchód:		
An raibh do theaghlach cláraithe faoi SFG roimhe seo: Ní Raibh		Cén bhliain a chríochnaigh sibh:
Don Oifig Amháin	Uimhir Aitheantais an Teaghlaigh Óstaigh	

SONRAÍ AN CHOLÁISTE/NA GCOLÁISTÍ LENA BHFUIL AN TEAGHLACH CLÁRAITHE

	TABHAIR AINM AGUS SEOLADH AN CHOLÁISTE/NA GCOLÁISTÍ
1.	
2.	
3.	

SONRAÍ NA nADMHÁLACHA INGHLACTHA ATÁ CURTHA AR FÁIL (DÍRÍTEAR BHUR N-AIRD AR NA NITHE ATÁ INGHLACTHA SA LEATHÁN EOLAIS)

AINM AN CHONRAITHEORA/SIOPA AR CEANNAÍODH AN T-ÁBHAR UATHU	SONRAÍ FAOI ÁBHAR NA N-ADMHÁLACHA	AN COSTAS
	LUACH IOMLÁN NA N-ADMHÁLACHA	

SEICLIOSTA (CUIR TIC SNA BOSCAÍ CUÍ)

- Foirm iarratais comhlánaithe agus sínithe go cuí in éindí le: ☐
- **Cóip den Litir Aitheantais** a fuair tú nuair a cláraíodh do theaghlach faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge. ☐
- **Tuairisc/Dearbhú sínithe ón Innealtóir** (nó duine leis na cáilíochtaí cuí) a rinne measúnú sábháilteach dóiteáin ar an teach ag sonrú na hoibreacha chun críche an deontais. ☐
- **Admhálacha cuí** (i bhfoirm PDF/JPEG): atá sonraithe thuas. ☐

I gcás go mbeidh tuilleadh eolais nó soiléiriú á lorg ag an Roinn faoin iarratas rachfar i dteagmháil leat.

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Agus an fhoirm á líonadh, ní mór d'iarratasóirí a bheith ar an airdeall maidir le dualgais na Roinne agus na n-iarratasóirí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá eolas faoi seo mar a bhaineann sé les an fhoirm iarratais seo ar fáil sa Leathán Eolais.

COSAINT SONRAÍ

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú agus baineann sí leas as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Is féidir Ráiteas Príobháideachais na Roinne maidir le soláthraithe, íocaithe agus deontaithe aonair a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/b5fca-sholathraithe-iocaithe-deontaithe/ Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/2e702-polasai-um-chosaint-sonrai/

DEARBHÚ

Dearbhaímid:

1. Nach raibh aitheantas ag mo theaghlach chun foghlaimeoirí a choinneáil faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí riamh roimhe seo (i gcás teaghlaigh nua) nó nach raibh ag coinneáil foghlaimeoirí le cúig bliana anuas (5 bliana i ndiaidh a chéile) (i gcás teaghlaigh athchláraithe);
2. Go nglacann mo theaghlach leis go gcoinneofar foghlaimeoirí ar iostas ar a laghad trí bliana as a chéile le feidhm ón dáta a bhronntar aitheantas ar an teaghlach;
3. go bhfuil an t-eolas sa leathán eolais a bhaineann leis an gciste léite, go dtuigimid é agus go bhfuilimid sásta cloí leis na coinníollacha atá luaite ann móide pé coinníoll a chuireann an Roinn leis an deontas más ann dó i ndeireadh báire - de réir mar is gá (lena n-áirítear ach go háirithe na dualgais reachtúla maidir leis an Acht um Tús Áite do Leanaí , An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981, An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) agus An tAcht Um Chomhionannas Fostaíochta de réir mar a bhaineann.
4. go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha thuas fíor agus cruinn
5. go n-aithnímid nach mbeidh an Roinn freagrach dúinn mar iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas, costas ná damáiste d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh
6. nach mbeidh an Roinn freagrach as aon chostas ná caillteanas a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an iarratas seo a dhéanamh
7. nach bhfuil aon eolas mothálach inár n-iarratas ná in aon cháipéis thaca, agus tuigimid gur féidir leis an Roinn scaoileadh le cuid, nó le hiomlán an eolais mar a bhaineann sé leis an Acht um Shaoráil Faisnéise
8. go dtuigim/id go bhféadfaí pé deontas/cuid de a tharraingt siar nó a lorg ar ais mura gcloítear leis na coinníollacha a bheadh curtha le pé deontas a bheadh ceadaithe – coinníoll 2 thuas ach go háirithe.

Déanaim iarratas ar dheontas €6,000 (nó 80% den chostas, cibé acu is lú) i leith na gcostas a thit orm chun mo theach a chur in oiriúint chun cloí le rialacháin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le Sábháilteacht Dóiteáin i dtithe Gaeltachta a chuireann lóistín ar fáil don chéad uair faoin scéim thuasluaite.

Ainm an Iarratasóra:		**Dáta:**
Is ionann d'ainm a chur sa bhosca agus dearbhú go bhfuil na coinníollacha mar a leagtar amach sa leathán eolais léite agat, go nglacann tú leo agus go gcloífidh tú leo.		

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe ina iomláine a sheoladh chuig an seoladh ríoimhphoist thíos.

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:
Rannóg na gColáistí Gaeilge
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Na Forbacha, Gaillimh H91KX39

R-phost: teaghlaighsfg@drcdg.gov.ie
www.gov.ie